

MIEL MILLECAMPS TEFENKGI VANYDA YOU

LÁMH CHUIDITHE



An Coimisiún Eorpach



Faigh amach freisin trí Tús nua Saol nua a léamh conas ar éirigh le Julie, Viktor, Pedro agus Fianne a mhalaírt de threo a leanúint ina saolta, a bhuíochas leis na cláir atá maoinithe ag an gCiste Sóisialta Eorpach. Chun an chéad imleabhar seo a ordú, atá ar fáil sna 23 theanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh, téigh go dtí : <http://ec.europa.eu/esf/taketwo>

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach ná aon duine a ghníomhaíonn ar son an Choimisiúin freagrach as aon úsáid a d'fhéadfai a bhaint as an eolas atá san fhoilseachán seo.

Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh
leat freagraí a fháil ar do cheisteanna
maidir leis an Aontas Eorpach

Uimhir shaorghlao (*):
00 800 6 7 8 9 10 11

(* Ní cheadaíonn oibríteoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimreacha 00 800 nó d'fhéadfai airgead a ghearradh ar na glaonna seo.

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an Idirlíon (<http://europa.eu>).

Tá sonraí catalógaithe chomh maith le hachóimre ar fáil i ndeireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2011

ISBN 978-92-79-16899-4
doi:10.2767/45530

© An tAontas Eorpach, 2011
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil

Printed in Belgium

ARNA CHLÓBHUALADH AR PHÁIPÉAR BÁN SAOR Ó CHLÓIRÍN DÚILÍ (ECF)

MIEL MILLECAMPS TEFENKGI VANYDA YOU

LÁMH CHUIDITHE

ALEX



tefenki

AN BHREATAIN
BHEAG



Sin leoraí suntasach
agat ansin...

A Alex, cad é a
thabhaigh an onóir
seo dom? Is fada ó
chonaic mé thú!

Bhí rud éigin á
sheachadadh agam in aice
láimhe... Cheap mé go
mbuailfinn isteach chuig mo
Mhamó mhuirneach!





Conas atá cúrsaí oibre leat mar sin?

Rud ar bith corraitheach, roinnt post sealadach anseo is ansiúd...



Agus ní mhothaíonn tú an tuath uait ró-mhór?

Sea, beagáinín... go háirithe na brioscaí a dhéanann tú le mil de chuid shean-George.



Cén chaoi a bhfuil sé? Chonaic mé an cíósfhógra!



B'fhéidir go mbeidh sé ag dul go dtí teach altranais... Is amhlaidh nár thug a leanaí rogha eile ar bith dó. Ba mhaith leis an úinéir talún móroibreacha athchóirithe a dhéanamh agus tiocfaidh méadú ar an gcíos.



Tá sé sin go huafásach... is í an teach seo a shaol iomlán...



Agus cuid den saol agatsa freisin, Alex... An cuimhin leat cad a tharla leis an gcoirceog nuair a bhí tú seacht mbliana d'aois?







Dá mbeadh a fhios ag sean-George! Ní ligfeadh mo chroí dom pionós a chur ort, tar éis a bheith scanraithe mar sin!

Sea, is féidir liom a rá gan dabht gur thug sé sin ciall cheannaithe dom!



Bodach a bhíonn ann uaireanta, ach is fear maith é tríd is tríd...



Agus is spéisiúil é, bhí sé cineálta cairdiúil liom ina dhiaidh sin. Mhúin sé gach rud dom faoi nósanna agus faoi rúnta na mbeachaireachta aige.

Ceapaim go raibh sé clipthe ag na beacha faoi dheireadh agus é ina onar leo.



Tabharfaidh mé cuairt air.

Sin smaoineamh maith! Beidh sé an-sásta tú a fheiceáil!





Á, is tusa atá ann, mo bhuachaill!
An leoraí sin, ní raibh a fhios agam
arbh é an t-úinéir talún a bhí ann agus
é ag teacht anseo chun mé
a chaitheamh amach...



Cén chaoi a bhfuil tú,
a shean-George?

Tar isteach
agus bíodh deoch agat
liom! Caithfidh tú mo
mheá a bhlasadh! Tá sé
ar fheabhas i mbliana!



Tá an ceart
agat, tá sé go
hálainn!

Anois, tar liom chun na
beacha a fheiceáil!



D'inis Mamó beagáinín dom faoin
scéal... Cathain a mbeidh tú ag
imeacht?? Agus na coirceoga?
Cad a tharlóidh dóibh?



Thug an t-úinéir talún
trí mhí dom.



Tá sé sin go huafásach, mil den
cháilíocht seo! Agus ní bheidh rian
de seo go léir fágtha?!

Ach
amháin...



Ach amháin cén rud??

Ach amháin má théann tú i gceann an tionscail bhaile agam. Tá caidreamh ann le fada anois eadraibh, tusa agus na beacha... agus mhúin mé gach rud atá ar eolas agam duit.



Ach cad faoi airgead? Níl pingin agam. Níl agam ach roinnt iasachtaí nach féidir liom a chur díom!

D'fhéadfaimis socruithe a dhéanamh...



Conas a dhéanfaí é sin? Chun fanacht anseo beidh airgead uait chun íoc as an gcíos breise tar éis na n-oibreacha athchóirithe.



CAITHFIMID MACHNAMH A DHÉANAMH AIR...



Tá sé dochreidte! Mhol sé dom dul i gceann a ghnó...

Ach níl cianóg rua agam!

Smaoineamh iontach é sin! Ba chóir duit dul chun buaileadh le bainisteoir bainc...



CAERDYDD


Tá gach rud an-doiléir fós.
Plean gnó ar bith... urrús ar bith...
agus níl aon údarás agam...
Seolfaidh mé do chomhad go dtí an
cheannoifig...
Ach gan cor a chur sa scéal, tá an
fhreagra uathu ar eolas agam
cheana féin.



Níor éirigh linn fós!



Tá iasachtaí agat cheana féin
agus mar sin, ní féidir linn cabhrú leat.
Ach cén fáth nach mbuaileann tú isteach i mbanc
a chuireann micrea-airgeadas ar fáil do ghnóthais
nuathionscanta? Tá ceann díobh in aice láimhe...
seo an seoladh.





Á, tá tú ar ais arís! Ar imigh tú tríd an bhfál?? Há há há!



Tá scéala agam duit. Caithfimid labhairt lena chéile.



É! Fan nóiméad! Caithfidh mé críochnú ar dtús leis na mná beaga seo. Is gá caitheamh go bog leo. Ansin casfaidh mé leat ar an lochtán. Faigh deoch dúinn.



Anois, cén scéal atá agat?

Tá a lán ceisteanna agam duit.



A thiarcais, cuireann tú eagla orm nuair a bhíonn tú dáiríre mar sin!



Cé mhéid potaí meala a tháirg tú anuraidh an iomlán?



Ó... trí nó ceithre chéad... b'fhéidir níos mó.

Agus conas a dhíolann tú iad? Agus cén praghas atá orthu?



Ní mar an gcéanna é i gcónaí... ach tugaim a lán díobh amach sa tsráidbhaile, don chlann agam...




Agus cad faoin meá?

Ní dhíoltar é sin... is rud beannaithe é!



Féach, a shean-George, caithfimid a bheith soiléir! Má theastaíonn uait go rachainn i gceann do ghnóthais, beidh figiúirí ag teastáil uaim chun é sin a chur ina luí ar an eagraíocht a thabharfaidh airgead ar iasacht dom...


NAOI MÍ NÍOS DÉANAÍ



Féach, bhí an ceart agam mórfhleananna a dhéanamh. Tháinig méadú beagnach faoi dhó ar an méid meala a táirgeadh!



Agus ní furasta dom a rá duit, ach tá do mheá beagnach níos fearr ná an ceann agamsa!



Sláinte!



Anois, ní hé sin uile é, ach caithfidh mé mil a sheachadadh!




Dá mbeadh sé sin go léir ar eolas agam roimh ré, chuimhneoinn go maith arís air sula rachainn tríd an bhfál sin i ngan fhios d'éinne.



Cinnte, ró-dhéanach anois! Fiosracht a mharraigh an cat. Ba chóir dod' sheanmháthair súil níos géire a choimeád ort, há há há!



NATALINE



MILLE
CAMPS

AN BHRUISÉIL



O.K. Nataline!
That's perfect.



Yeah! Great!



A last one and it's
finished for tonight!



Críochnaith faoi dheireadh! Ní fhéadfainn tuilleadh a dhéanamh! Bheadh ocras ort tar éis a leithéid de lá!

Níl rud ar bith á ithe agat Nataline?

Níl, níl a fhios agam cad atá cearr liom... Ní mhothaim ró-mhaith le déanaí.



Táim traochta tar éis an siúit. Tá mé ag dul ar ais go dtí an óstán!

Ag magadh atá tú!? Seans ar bith! Cóisir anocht é... Ná bí gairgeach...!



Cad a bheidh le n-ól agaibh? Mojito do chách? Seo mo ghlaochsa!




Sláinte, Nataline!




AN MHAIDIN ARNA
MHÁRACH.



AERFORT RÍGE,
AN LAITVIA



An bhfuil tú
ceart go leor,
Nataline? Ní
fhéachann tú
chomh maith
is atá tú ar an
bpóstaireir...



Sea...
ceart go leor
a chailíní, sin
dóthain! Táim
clóite agaibh!
Síbhse a chuir
iachail orm
teacht amach
aréir!



Díomáite de sin,
tá mé...

Nataline!??
Nataline!??





Conas a bhraitheann tú féin?

Go han-tuirseach.



Tá comharthaí go léir an tnáite ort. An t-aon rud amháin a mholfaínn duit ná suaímhneas a ghlacadh, agus suaímhneas breise freisin. Roinnt seachtainí ar a laghad.

Cén post atá agat?



Is mainicín mé. Le hocht mbliana anuas.



Uaireanta oibre athraitheacha. Tuirseach i gcónaí ón aerthaisteal... Ach sin mar atá leis an bpost seo...

Gan cor a chur sa scéal, ceapaim go gcaithfidh tú tabhairt faoi ghairm bheatha éigin eile... do shaol a athrú go hiomlán. Tharla rud tromchúiseach go leor duit.

Molaim duit teagmháil a dhéanamh le duine dár síceolaithe.




Agus cad iad na huaireanta oibre atá agat?




Mise, bhris an gnó fáilteachais oíche mé... Is freastalaí mé i gclub oíche... Rinne mé dearmad beagnach go raibh solas an lae ann sular tháinig mé anseo...



TRÍ LÁ NÍOS DÉANAÍ.





Cad iad na cáilíochtaí atá agat?

Bhí staidéar á dhéanamh agam ar stair na healaíona, ach d'éirigh mé as chun bheith i mo mhainicín.



Nuair a bhí tú i do leanbh, an raibh post ann ar smaoinigh tú ar a leithéid a dhéanamh?



Ní post an mhainicín, ar an chaoi...

Ní hea, bhí spéis níos mó agam sa ghnó. Bhí mo thuismitheoirí féinfhostaithe. Theastaigh uaim i gcónaí mo ghnóthas féin a bheith agam... Ach tá sé ró-dhéanach anois. Níl ciall ar bith agam don bhainistíocht.



Ní bhíonn sé ró-dhéanach riamh. Cuirimid cúrsaí bainistíochta ar siúl, le maoiniú ón Eoraip, agus is bunús daingean iad chun dul i mbun do thionscail féin. Ní bhíonn ag teastáil ach an t-inspreagadh agus an t-am.



Tá an t-am agam anois. Agus tá roinnt airgid curtha i leataobh agam freisin. Post dea-íochta a bhí agam.



Tá sé sin ar fheabhas... Cuirfimidne an oiliúint ar fáil. Agus caithfidh tú féin cuimhneamh ar phlean agus é a fhorbairt.





ROINNT SEACHTAINÍ
NÍOS DÉANAÍ







ROINNT
LAETHANTA NÍOS
DÉANAÍ...



Fan ort, Julia!
Caithfidh pictiúr a
bheith againn den
ócáid seo!



Tusa
anois!



Ar fheabhas, Nataline!
Cheapadh duine go raibh sé sin
ar siúl agat ar feadh do shaoil
go léir!



Tús maith ansin
againn, is dócha!


Agus fan ort! Níl anseo
ach an chéad chéim...
D'fhéadfaimis ár mbranda
táirgí orgánacha féin a
sheoladh agus siopa beag
a oscailt...
Agus tá roinnt smaointe
eile agam fós...!

IVANA



Vanyda

SIHANOUKVILLE, AN CHAMBÓID





Ivana anseo...

Is mise Ferreri agus is nótaire mé. Bhí sé an-deacair teagmháil a dhéanamh leat. D'athair atá i gceist.



Tá brón orm ach fuair sé bás.

... cathain ar tharla sé?



Trí sheachtain ó shin. Caitheadh tú teacht ar ais go dtí Milano chun na foirmiúlachtaí oidhreacht a réiteach.



Nílím ábalta beoir a cheannach, gan trácht ar thicéad go dtí Milano...



Roinnfimid an costas leat, Ivana.

Tá sé sin go han-deas, a chailíní. Tabharfaidh mé an t-airgead ar ais daoibh chomh maith le méid mór úis nuair a bheidh gach rud réitithe.

MILANO



Beagáinín
airgid chun bia
a cheannach, a
Mhórgacht!



Seo duit, níl
mórán ann, ach
níl aon airgead
fágtha agam
beagnach.




Seomra don oíche,
más é do thoil é.

Caithfidh mé a
iarraidh ort fóc
as an seomra
roimh ré.



A leithéid
d'éadan, nílím
chomh bocht
san!





An bhfuil coinne agat, a Bhean Uasal?

Níl, is duine muinteartha mé. Is mise Ivana, neacht Bhean Uasal Polidoro.



Cheapamar go mbeifeá i láthair ag an tsochraid...

Hóigh a Aintín, is trua liom nach raibh mé ann...



Bhí briseadh croí ar do thuismitheoirí.

Bhí siad ag súil le mórán uait!



Féach ort... an diomailt seo go léir!

A Aintín, níl aiféala ar bith orm.

Níor theastaigh uaim riamh mo thuismitheoirí a ghortú...



...ach ní raibh an saol a bhí ar intinn acu dom oiriúnach domsa. Ba mhaith liom imeacht chomh luath agus is féidir, ach níor thug m'athair ach fiacha dom...

Níl go leor airgid agam chun ticéad fillte a cheannach, an bhféadfá cabhrú liom?

Mo leanbh bocht! Ar an drochuair ní féidir liom cabhrú leat. Tá sé an-deacair cheana féin an teach mór seo a choinneáil.

Tóg roinnt briosaí leat, thug Ivan ar ais ó Ríge iad. D'oscail a neacht Nataline caife orgánach ann.



Cén fáth a bhfuil mo mhála ansin?!

Ní raibh ach oíche amháin curtha in áirithe agat, nach ea?

Caithear a bheith imithe ón seomra roimh a haondéag a chlog ar maidin. Sin na rialacha.



Tar isteach anseo. Tá an áit tirim, a Shoilse.



Go raibh maith agat, caitheadh amach as an óstán mé agus níl a fhios agam cén áit a chaithfidh mé an oíche...

Níl pingin fágtha agam.

Ná bíodh anbhá ort, is féidir leat fanacht linn a Bhanphrionsa. Rud éigin le n-ól chun beocht a chur ionat?



Níl sé ag cur báistí a thuilleadh, is féidir linn fillleadh ar ár n-árasáin anois.



Tar liom, tógfaidh sé deich nóiméad chun dul ann.



Tá sé beagáinín bunúsach, ach tá sé ciúin ar a laghad...
Go nuige seo, ar aon nós.



Brrrrr!
Tá sé fuar go leor. Ach tá sé leagtha amach go deas agaibh.



Cén fáth go bhfuil na cliathbhoscaí éadaí seo go léir ann?

Ó iad sin, is fuiligh iad ón monarchan in aice láimhe.

Caitear amach iad gach lá i gcoimeádáin agus cheapamar go bhféadfaimis úsáid a bhaint astu.



É, fan nóiméad!
Cad atá pleanáilte
agat?

Tá siad de chineál
maith. An bhfuil
siosúr agat?

Beidh sioc
ann anocht. Ceapaim
gur féidir na fuíollphíosáí
éadaí seo go léir a fhuáil le
chéile chun muidne féin a
chosaint beagáinín ar an
bhfuacht.



Go raibh
maith agat!

Tá snáthaid agus
snáth sa mhála
agam... lig liomsa
leis an gcuid eile de!



Dála an scéal,
is mise Ivana!

Hóigh,
Ivana!

Fáilte romhat,
Ivana!



Agus má éiríonn
libh teacht ar phíosáí
éadaí eile, tógfaidh mé
iad a chairde!







Sin an scéal ar fad...

Ceapaim go cinnte go gcaithfidh tú buaileadh isteach in ionad Piccolo Mondo.

Fuaireamar tacaíocht ón gCiste Sóisialta Eorpach chun siopa a oscailt ina ndíoltar éadaí athchaite.



Agus ceapadh an tionscadal seo, i measc nithe eile, chun cabhrú le daoine tréitheacha cosúil leat féin.



Agus anois... Siúd ort!!

Breithlá sona, Sergio!!



Seo an chóisir lá breithe caoga bliana is fearr a bhí agam riamh!

Don saoi!!

SÉ SHEACHTAIN NÍOS DÉANAÍ...

Tá áthas orainn fáilte a chur romhaibh chuig an siopa nua againn.

Táimid mórálach freisin as ár mbailiúchán éadaí nua a chur i láthair daoibh...

...cruthaithe as éadaí athchúrsáilte amháin ag Ivana, ár ndearthóir faisin.

SIHANOUKVILLE, AN CHAMBÓID

Scéala ó Ivana... chomh maith le seic, a chailíní! Beidh cóisir againn um thráthnóna!!


Chhim, creidim go gceannóimid do ghliomaigh go léir inniu!

DIMITRA





Sin é anois é, críochnaithe. Is féidir leat dul ar ais ag súgradh, Raluca. Ach bí cúramach, ceart go leor... Níor cneasaíodh an chneá go hiomlán fós.



Nach bhfuil tú ar fónamh?





Má theastaíonn uait cabhrú liom, croch na héadaí ar an líne.



Póigín chun cabhrú beagáinín le m'athair muirneach!



Blais na sútha talún, Malva a thaisce!



ÁIGH









Céard atá ar siúl agat anseo?
Tá sé mar a bheadh inní ort...



Níl, ach ní
haon spraoi sa
bhaile é. Nuair
a thagann fearg
ar mo mháthair,
b'fhearr liom
bheith in áit eile!



Ní dhéanfadh
duine dearmad
ar do mháthair!
Is cosúil go bhfuil
sé deacair plé
léi...



An leanbh atá á
iompar aici faoi
láthair is cúis leis sin.
Tá sí i bpian, agus
mar gheall ar sin
éiríonn sí tógtha!



Cinnte, caithfidh sí teacht
chun cainte linn san ionad!

Seans ar bith!
Caithfidh sí féin
an cinneadh a
dhéanamh chun
dul ann!



Caithfear réiteach a fháil ar aon chaoi.

Agus tú féin! Inis
dom beagáinín fút!



Conas atá rudaí ar scoil? An bhfuil a fhios agat cheana féin cad ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheid tú críochnaithe leis an scoil?

Tá, taisteal timpeall an domhain!



Plean maith. Ach roimhe sin, caithfidh tú smaoineamh ar staidéar a dhéanamh agus post a fháil ina dhiaidh sin! Beidh airgead ag teastáil uait chun dul ag taisteal.



Beidh post agam mar chaptaen báid.



An dtabharfaidh tú mise sa bhád leat?



Ceart go leor. Tá sé deartha agam cheana féin! Ar mhaith leat é a fheiceáil?

Ar ndóigh! Tar go dtí an t-ionad amárach tar éis na scoile. Féadfaidh tú é a thaispeáint dom ansin!



An bhfuil tú ceart go leor a Mham?

Tá mé, tá mé... Nil ag teastáil uaim ach scíth... Aighh!! A Dhia dhílis!



Cén fáth nach dtéann tú go dtí an dochtúir!?

Ná bí ag cur isteach orm. Téigh amach ag súgradh.



AN LÁ ARNA MHÁRACH

Á, tusa atá ann, Malva. Ta áthas orm tú a fheiceáil.



Ar thug tú do líníochtaí leat?

Thug mé a lán díobh liom!



Anois, taispeáin dom iad!



Féach, Nora, is mise an captaen!



Nach gleoite atá tusa agus do chuid éide freisin! Taitníonn an cabán báid i gcruith tí go mór liom freisin!



Más rud é go bhfuil cinn eile agat, tabharfaidh mé cuairt ort sa bhaile chun féachaint orthu. Leithscéal a bheidh ann dom chun a iarraidh a chur ina lúí ar do mháthair dul go dtí an dochtúir... Cad a cheapann tú faoi sin?

Go hiontach! Sa chás sin taispeánfaidh mé mo theach duit!



Ná stop de bheith ag seinm! Tá sé go hiontach!! An sliocht é sin ó Grigoras Dinicu?

Sea, an bhfuil sé ar eolas agat!?



Is fearr liom é nuair a bhíonn sibh ag damhsa in ionad bheith ag troid... baineann grástúlacht níos mó leis!



Hóigh a Bhean Uasal!

Seo Nora, a Mham. Tháinig sí anseo chun féachaint ar mo líníochtaí.



An féidir léi teacht isteach? Más é do thoil é...



É... Tá gach rud trína chéile, ní raibh mé ag súil le cuairteoirí...

Ná bíodh inní ort in aon chor faoi sin.



Tá boladh álainn as a bhfuil á ullmhú agat, a Bhean Uasal!


Féadfaidh tú Dimitra a thabhairt orm.



Stobhach atá ann!

Is breá liom na hoinníúin agus na cairéid go háirithe!





Tuilleadh faisnéise

D'éirigh le Alex, Nataline, Ivana agus Dimitra slí na cinniúna acu a athrú a bhuíochas leis na cláir atá maoinithe ag an gCiste Sóisialta Eorpach (CSE).

Ach céard go díreach é an CSE?

Tháinig an CSE ar an saol níos mó ná caoga bliain ó shin, i 1957 le bheith cruinn. Is é an phríomhuirlis airgeadais é a úsáideann an tAontas Eorpach chun infheistiú in acmhainní daonna. Tá sé mar aidhm aige fostaíocht a chur chun cinn agus ionchais ghairme na n-oibríthe a fheabhsú. Tugtar tacaíocht, mar shampla, do dhaoine a mbíonn deacrachtaí ar leith acu obair a fháil, cosúil le mná, daoine óga agus oibríthe níos sine. Cabhraíonn sé freisin le cuideachtaí nó le fiontrairthe óga. Infheistítear an ciste in oideachas agus in oiliúint ar feadh an tsaoil freisin.

Níl an CSE ag obair as féin mar tá sé ag croilár comhpháirtíochta le hiliomad páirtithe. Tugann na Ballstáit cómhaoiniú do na tionscadail a thacaíonn sé agus a mholann na forais oideachais agus oiliúna, na comhlachais, na ceardchumann, etc. Roghnaíonn na húdaráis náisiúnta na tionscadail seo chun freastal ar riachtanais speisialta na dtíortha agus na réigiún.

Tá rath mór ar an CSE inniu. Infheistítear 10 mbilliún euro gach bliain chun maoiniú a thabhairt do thionscadail éagsúla sna 27 Ballstát. Cabhraíonn sé sin le feabhas a chur ar shaolta 10 milliún duine in aghaidh na bliana, ag cabhrú leo obair a fháil nó dul chun cinn a dhéanamh.


Ó fhíorscéal go ficsean

Faigheann an greannán "Lámh chuidithe" spreagadh ó fhíorscéalta. Go deimhin, bhailigh an Coimisiún fianaise ó 54 Eorpach a fuair cúnamh ó chlár airgeadais a mhaoinigh an CSE. Insíonn siad a scéal os comhair an cheamara agus míníonn siad an chaoi a bhfuair siad deiseanna fostaíochta agus oiliúna. Féadann tú teacht ar na fianaisí seo ar an láithreán Gréasáin seo: http://ec.europa.eu/employment_social/esf/video/videos_ga.htm

Na húdair

Creatlach Scéil


Rudi Miel



Rugadh Rudi Miel in Tournai i 1965 agus bhain sé cáilíocht amach in iriseoireacht. Bhí sé mar shainchomhairleoir i gcumarsáid agus mar scríbhneoir do ghreannáin, ba chomhúdar é den leabhar “Les Eaux Blessées” [Uiscí Corracha] a d’fhoilsigh Parlaimint na hEorpa, Alph Art na cumarsáide in Angoulême in 2003. Bronnadh an duais don leabhar dathúcháin eachtrannach is fearr ar “L’Arbre des deux Printemps” [Crann an dá Earrach] (Líníochtaí ó Will & Co – Le Lombard), inar scríobh sé creatlach an scéil, ag féile na ngreannán in Sobreda 2001 (an Phortaingéil). Bhí Rudi Miel mar chomhúdar in éineacht le C. Cuadra agus P. Teng ar “l’Ordre Impair” [Ord faoi réir] (Le Lombard), agus foilsíodh é ina iomlán ag deireadh 2009. Agus “Lámh chuidithe” á scríobh aige, d’oibrigh sé i gcomhar leis an scríbhneoir scrípte Jean-Luc Cornette.


Líníochtaí

Maud Millecamps – Natalie




Saolaíodh Maud Millecamps i Charleroi sa bhliain 1982 agus is iarchéimí í den Institut Saint-Luc (i Liège) agus den Académie des Beaux-Arts (sa Bhruiséil). Ghlac sí páirt sa mheitheal oibre a chuir amach “Amour & désir” [Grá agus áilíos] le haghaidh na cuideachta foilsitheoireachta *La Boîte à Bulles* (2008), sular sheol sí a céad stiallghreannán, “Les gens urbains” [Lucht na cathrach], bunaithe ar théacs ag Jean-Luc Cornette agus foilsithe ag Quadrants sa bhliain 2010. Tá sí ina cónaí sa Bhruiséil.

Alexandre Tefenkgi – Alex




Saolaíodh Alexandre Tefenkgi sa bhliain 1979 agus is as Montpellier ó dhúchas é. Tar éis staidéar a dhéanamh ag École Saint-Luc, chas an t-ealaíontóir leabhair ghrinn Mauricet air, a bhfuil sé ag obair leis sa stiúideo céanna inniu. Scríobh sé roinnt gearrscéalta don iris Spirou, sular sheol sé a chéad stiallghreannán “Tranquille courage” [Misneach mín], a d’fhoilsigh Bamboo.

Vanyda – Ivana



Is de bhunadh Francach-Laosach í Vanyda a rugadh i 1979. Ba in Acadamh, l’Académie des Beaux-Arts, in Tournai agus é mar mhac léinn, a bhuail sí le François Duprat. Chomhoibrigh siad le chéile ar an tsraith “L’année du dragon” [Bliain an dragain] (Carabas) agus ba é a scríobh na suíomhanna do “Ivana” (dathanna Virginie Vidal). Ina cuid greannán, forbraíonn sí domhan dlúth, comhaimseartha, ar nós “L’immeuble d’en face” [An tÁras os do chomhair] (*La Boîte à Bulles*), ina mbíonn fiúntas ag baint le saol laethúil na gcomharsan, nó sa tsraith “Celle que...” [Cibé] (Dargaud) ina ndéantar cur síos ar éabhlóid déagóra, ón scoil go dtí an mheánscoil

You – Dimitra



Saolaíodh You sa Chóiré Theas sa bhliain 1978, agus is ealaíontóir leabhair ghrinn í. Tar éis staidéar a dhéanamh ar ríomhghrafaic, mhaisigh sí roinnt leabhar do leanaí, lena n-áirítear trí leabhar sa bhailiúchán “Moi je sais” [Tá a fhios agamsa], foilsithe ag Auzou. Cuireadh amach a céad stiallghreannán sa tsraith “Sorcières” [Fia-Chailleacha], foilsithe ag Dupuis. Tá scéal nua á ullmhú aici don fhoilsitheoir céanna faoi láthair, scéal atá bunaithe ag deireadh na naoú haoise déag.

An Coimisiún Eorpach

Lámh chuidithe

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

2011 — 60 lgh. — 17.5 x 24.5 cm

ISBN 978-92-79-16899-4

doi:10.2767/45530

CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AN AE

Foilseacháin saor in aisce:

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (<http://bookshop.europa.eu>);
- ó ionadaíochtaí nó toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin (<http://ec.europa.eu>) nó trí facs a chur chuig an uimhir seo: +352 2929-42758.

Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (<http://bookshop.europa.eu>).

Sintiúis a bhfuil praghas orthu (sraitheanna bliantúla d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus tuarascálacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:

- ón ár ngníomhairí díolacháin. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin (http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm).

Tá sé de cheart ag gach éinne an dara seans a fháil

Ceithre shaol, ceithre aistear. Faigh amach sa stiallghreannán nua seo Lámh chuidithe conas ar éirigh le Alex, Nataline, Ivana agus Dimitra slí na cinniúna a athrú dóibh féin.

Faigh amach conas ar ghabh an ceathrar duine seo de mhuintir na hEorpa dúshlán nua orthu féin, sa saol acu, a bhuíochas leis an dtacaíocht a bhfuair siad ón gCiste Sóisialta Eorpach.

D'éirigh go han-mhaith leis an stiallghreannán Tús nua Saol nua, a foilsíodh sa bhliain 2010 i 23 theanga, agus anois tá an dara chuid den tsraith á chur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach, atá mothálach agus geanúil ar gach bealach. Bunaithe ar fhíorscéalta, rinneadh maisiú ar na heachtraí daonna seo ag ceathrar ealaíontóir leabhair ghrinn - Maud Millecamps, Alexandre Tefenkji, Vanyda agus You - agus tá siad bunaithe ar théacs ag Rudi Miel.

